Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2026
(OR. en)

9644/26

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0017(COD)**

CODEC 991
POLCOM 190
COMER 96
FDI 15
RELEX 705
DUAL USE 40
RECH 243
ENER 279
ENV 559

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hinfheistíochtaí coigríche isteach san Aontas a scagadh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/452 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 24 Eanáir 2024 chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 114 agus 207 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 11 Iúil 2024[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 20 Samhain 2024[3].

4. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 15 Márta 2024[4].

1 5882/24 + ADD 1 go 3.
2 IO C, C/2024/6027, 23.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6027/oj.
3 IO C, C/2025/290, 24.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/290/oj.
4 8210/24.

5. An 19 Bealtaine 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[5]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa agus a mholadh don Chomhairle an seasamh sin, mar a leagtar amach in PE-CONS 10/26 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;

- a chinneadh go bhfoilseofar an ráiteas atá in Aguisín 1 i Sraith C in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

7. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[5] 9421/26.